C/2024/2870

22.4.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11505 – CVC / EMMA / MAILSTEP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2870)

1. An 12 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ('CVC', Lucsamburg),

— EMMA Alpha Holding Ltd ('EMMA', an Chipir), atá faoi rialú deiridh ag a úinéir tromlaigh, Jiří Šmejc,

— Mail Step a.s. ('Mailstep', Poblacht na Seice).

Gheobhaidh CVC agus EMMA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Mailstep trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— CVC: bainisteoir cistí infheistíochta a bhfuil leasanna aige i roinnt cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud an domhain.

— EMMA: cuideachta phríobháideach infheistíochta atá gníomhach san Eoraip den chuid is mó, a bhfuil cuideachtaí punainne ina seilbh aici in earnálacha éagsúla lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, cluichíocht, fuinneamh agus ríomhthráchtáil.

— Mailstep: soláthraí seirbhísí lóistíochta ar conradh/seirbhísí comhlíonta do ríomhshiopaí beaga agus meánmhéide agus do sholáthraithe ríomhshiopaí, a thairgeann stóráil, próiseáil orduithe, piocadh, pacáil, iompar agus láimhseáil earraí a chuirtear ar ais, go príomha i Réigiúin Lár na hEorpa.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11505 – CVC / EMMA / MAILSTEP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG/BELGIUM